A ghille ghabhus an stiúir

[Murphy, G.: ‘Two Irish poems written from the Mediterranean in the thirteenth century (I)’, *Éigse* 7, 71-9]

Gilla Bride Albanach .cc.

1  A ghilli gabhus an stiúir,
minic théighi a t(ír) n-ai*n*iúil;
suaill na*ch* dimdha do dlighis:
cuai*n* imdha do aithighis.

2  (Omi*n*mhaico*m*i[?]) [ . . . .
. . . . . . . ] (ba) hadbu*r* imsní(m)a:
taighiúir do-chuaidh fám c*r*ighi
na cuain ai*n*iúil imdighi.

3  [. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .
. . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . .
. . . . . . . . . . . . . . . . . . . .] gloi*n*
ní th*éid* coithchi as mo cluasoibh.

4  Dé*n*tar dún*n* comairle c*r*uaidh;
a-táit na neóillsi a-noirtuaidh;
fáccbam bona gairben*n* nG*r*ég;
tairgem dola co Daiméd.

5  As dorcha na neóillsi a-noir
tic ó Ac*r*as ’nar n-aighoigh;
tarr, a Muire Mhagh-dá-lén,
7 gla*n* uile i*n* t-aighér.

6  Fiar is tarrsna th*éid* ma long,
a Mu*ir*e magrú*n* mérchorr;
do ghuidhe re dírg*a*d dún*n*,
a Mu*ir*e mí*n*gla*n* mhaghrú*n*.

7  Tuccas aighidh ort féi*n*e
a hu*cht* Crí*st*, do chaímhchéle;
to(i)rche, a chúl slat*ach* sleman,
d’atach dún*n* i*n* Dúilemhan.

8  Ní hansógh oithchi nó dhó
do b*et*h orum ’na iarghnó:
fada i*n* snáithe, a Mu*ir*e mhór,
in ráithe uile ar a*n*sógh.

9  Do chongmhais ’sin*n*, a folt fiar,

ar muir taebsholas Torrian
chair in adhamair uile,
a banamail barrbhuidhe.

10 A B*r*igid, a b*r*uin*n*e gla*n*,
gid támaid seal ar seól*ad*,
asam lór ar seólta sund,
a hógh na hEórpa, a anam.

11 In stiúir do stiúradh co c*er*t
tabhair dot aire ag imde*cht*;
dá mbere in bárc si*nn*e as
cá t*rácht*, a gilli, gabas?  a. g. gab*us* i*n* sdiúir.